# Support your local country market

SLANEY Country Market opens from 10am to 1pm every Saturday morning in the Old Barracks, Bunclody. Beside a roaring fire, you can sample our food at our community tea table for €2.
You can purchase fresh farm vegetables from Kildavin and award-winning home baking by local producers from Clonegal, Kildavin and Bunclody, silver handmade jewellery by Clonegal silversmith Charles Calliss and baskets by Anjellika Tunkun from Clonegal. Save your carbon footprint and keep your money in your locality. Support your local country market.

## Clonegal/Kildavin



CONTACT: WILLIE WHITE TEL: 053 9377342
EMAIL: CLONEGALKILDAVINNOTES@GMAIL.COM

**COMMUNITY WEBSITE**
Don't forget that you can check out the new Clonegal/Kildavin website that is now up and running. The website provides information on the history of villages, local news, community group, places of interest, pictures, information on Clonegal and Kildavin National School, churches, local business and sporting organisations. You can even take a video tour of the beautiful scenery both villages have to offer. If you would like to advertise any upcoming events on this website, planning a meeting or if you want to start a group or a class, or if you want to share stories or achievements in the local area, the committee would be delighted to share your achievements and plans with all. Please log on to www.clonegalkildavin.ie. Your comments and suggestions will be most appreciated. You can contact the web editor or designer from the home page.

**CLONEGAL/KILDAVIN NATIONAL SCHOOL**
Anyone wishing to enrol a child for September 2011 is asked to contact the school during the coming week.

**SLANEY VALLEY COMMUNITY GAMES**
Well done to the Slaney Valley Community Games girls U16 basketball team and boys U13 futsal team who both played extremely well last weekend in the Carlow Community Games competition but were both beaten to stronger Bagenalstown teams on the day.

**WORLD DAY OF PRAYER SERVICE**
A World Day of Prayer service takes place in the Church of the Most Holy Trinity, Bunclody, on Friday 4 March at 8pm.
This international and interdenominational service was prepared by the people of Chile. The theme is *How many loaves have you?* and the guest speaker is rugby international Sean O'Brien. Refreshments will be served afterwards in the pastoral centre. All are welcome.

**CARLOW FEDERATION ICA**
Carlow ICA will belatedly close their centenary year celebrations on Saturday 5 March with a lunch in the Lord Bagenal Hotel, Leighlinbridge at 1pm.
The celebrations should have finished in December but inclement weather caused the postponement.
The recent craft day at the Cairdeas Centre in Tullow was a great success and three follow-up craft days will be held throughout the year.
The crafts included crochet, knitting, card making, beading, head piece making and digital photography. Suggestions for future classes to Mary Collier on 059 9775248.

**CLONEGAL/KILDAVIN NOTES**
Anyone who wishes to have wedding occasions birthday wishes, news or upcoming events to be put on the local Clonegal/Kildavin notes can email clonegalkildavinnotes@gmail.com before Thursday evening.



**Dave and Maureen Hutchinson, Ballybeg with daughter Lynn who graduated with a master of business degree at the recent WIT conferring pictured with institute registrar Dr Derek O'Byrne**

# Glór Cheatharlach

## Féile na Gaeilge

TÁ Mí an Mhárta buailte linn agus cuirfear tús inniu, an chéad lá den mhí, le Féile na Gaeilge i gCeatharlach. Tá clár iontach d'imeachtaí spleodracha oiriúnach do gach aoisghrúpa curtha le chéile ag Glór Cheatharlach don fhéile a leanfaidh go deireadh na míosa. Go náisiúnta, is Seachtain na Gaeilge a reachtáilfear ach leis an méid gníomhaíochta i leith na Gaeilge agus an dátheangachais i gCeatharlach i láthair na huaire ní foláir leanúint ar aghaidh ar feadh míosa!

Osclófar an fhéile inniu, 1ú Márta, le seoladh oifigiúil thorthaí an taighde ar Thaithí an Phobail i leith na Gaeilge i gCeatharlach. Deineadh an suirbhé an samhradh seo caite agus táthar ag súil go mór leis na torthaí. 'Sí Eimear Ní Bhraonáin, iriseoir agus gaeilgeoir de bhunadh an cheantair a chuirfidh na torthaí os comhair an tslua agus beidh stiúrthóir an tsuirbhé, Fionnuala Ní Mhórdha, i láthair freisin chun a cuid ainilíse agus saineolas ina taobh a roinnt agus a phlé. Foras na Gaeilge a rinne maoiniú ar an tionscnamh seo agus beidh Éamon Ó hArgáin,feidhmeannach gnóthaí pobail leis an bhForas ann chomh maith.

Is é an rún atá ag Féile na Gaeilge ná deiseanna a chruthú d'fhoghlaimeoirí agus do chainteoirí líofa agus don phobal i gcoitinn chun an Ghaeilge a labhairt agus cuirfear míle fáilte roimh gach aon duine chuig na himeachtaí agus na hócáidí éagsúla a bheidh ar siúl ó thus deireadh Mhí an Mhárta. Iarrtar ar chuile dhuine idir óg agus fásta iarracht an-speisialta a dhéanamh an Ghaeilge a labhairt i rith na Féile, ach go háirithe ar No Béarla Day ar an 16ú Márta nuair a bhainfear spraoi as an cúpla focal i siopaí, scoileanna, san áit oibre, ar na sráideanna agus ar ndóigh i mbun siamsaíochta. Gaeilge le Chéile go neamhfhoirmiúil.

Tá rogha leathan d'imeachtaí oiriúnach do pháistí bunscoile ar an gclár agus ina measc spraoicheist na féile, féile drámaíochta, léitheoireacht le Gabriel Fitzmaurice i gcomhar le Leabhar Power agus Clann Lir léirithe ag comhlacht Branar. Beidh comórtas aiste do scoláisrí iarbhunscoile chomh maith le seimineár eolais dar teideal "Buntáiste Breise na Gaeilge".

Chun freastal ar gach caighdeán Gaeilge cuirfear blas na teanga ar a lán imeachtaí reatha i gCeatharlach mar Scéalaíocht ag Am Lóin agus Rince Cruthaitheach in amharclann G.B. Shaw gan trácht ar an sraith "Sé oíche ar mhaithe le Asante" a bheidh ar siúl in Ionad Club d'Art, Pembroke.

Beidh seisiúin agus céilithe, oícheanta shóisialta agus siúlóidí, drámaíocht agus amhránaíocht ar chlár na féile. Líonfaidh pobal na Gaelscoile an clós scoile le breis is 500 duine idir dhaltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí le haghaidh Céilí Faoin Aer.

Déanfar an fhéile náisiúnta, Lá Fhéile Pádraig, a cheiliúradh mar is cuí le haifreann, mórshiúl agus céilí na féile. Mí iomlán mar sin lán de cheol, de chultúr agus den Ghaeilge. Bí páirteach agus bain taitneamh as na ceiliúrthaí uile. Gach eolas agus clár Fhéile na Gaeilge ar fáil ó Glór Cheatharlach ar 059 9158105, 087 2857048, nó is feidir cóip a híoslódáil ó leathanach na bhféilte ar www.glorcheatharlach.ie.

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
**Glór Cheatharlach**
**Carlow Gateway Business Centre**
**Bóthar Átha Í, Ceatharlach. (059) 9158105 / (085) 1340047**
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!



**Céilí Faoin Aer i gClós na Gaelscoile anuraidh**

## Siopaí ag ullmhú do Lá le Pádraig

TAR éis an ratha ollmhór a bhí ar Chomórtas na bhFuinneog i gCeatharlach an bhliain seo tá áthas ar Glór Cheatharlach a fhógairt go reachtailfear é arís i mbliana. 'Séard atá i gceist leis an gcomórtas áirithe seo ná fuinneoga na siopaí agus gnólachtaí éagsúla ar shráideanna Cheatharlach a mhaisiú go cuí agus in oiriúint d'Fhéile na Gaeilge a bheidh ar siúl ar siúl sa bhaile mór. Agus an fhéile ag leanúint ar aghaidh ar feadh míosa i mbliana is fiú go mór an luach saothair as an stró ach ar ndóigh is sa tréimhse timpeall na Féile Pádraig a dhéanamh an mholtóireacht ar na fuinneoga

Iarrtar ar fhoireann gach siopa agus gach gnó iarracht an-mhór a chur isteach sa dearadh i mbliana chun spiorad agus atmaisfear na féile a léiriú. Ag baint usáide as na dathanna náisiúnta, seamróga agus siombail galore ní bheidh aon ghanntanas smaointe cruthaitheach ag lucht deartha na bhfuinneog. Ghlac breis is seasca gnó páirt sa chomórtas anuraidh agus bronnadh duaiseanna ar naoi bhfuinneog leis an bpríomh duais agus Corn na bhFuinneog ag dul go siopa Marie Sue.



**Susan Alsybury le Corn na bhFuinneog a bhuaigh siopa MarieSue anuraidh**

Tá gach eolas agus foirmeacha iarratais ar fáil ó Glór Cheatharlach ar 085 1340047 nó eolas@glorcheatharlach.ie